

# ❖ An Lúibín ❖

17 Iúil 2009

## Scéim Ghaeilge

*Another scheme for the provision of services through Irish.*

Scéim eile chugainn chun tóin a chur sa teanga - an dara Scéim Ghaeilge (2009–2012). Í ag cur leis na tiomantais a rinneadh sa chéad Scéim d'fhonn seirbhísí i nGaeilge a fheabhsú. Agus ag seo roinnt rudaí eile atá le cur san áireamh (i gcanúint mhaorlathach):

- An Ráiteas Beartais faoin nGaeilge a tháinig amach i Mí na Nollag 2006, agus a leagann amach roinnt príomhphrionsabal i leith an teanga a neartú;
- Comhthéacs na Straitéise 20 bliain;
- An sainordú a tugadh don Roinn i ngeall ar an nGaeilge a threisiú ar fud na tíre, agus cothú na Gaeilge sa Ghaeltacht san áireamh, ós í an Ghaeltacht (dar leis an Aire) príomhfhoinsé na teanga beo.

I bhfocal an Aire féin: 'Maidir le cur i bhfeidhm níos leithne Acht na dTeangacha Oifigiúla, d'oibrigh an Roinn le comhpháirtithe chun raon tacaíthe a fhorbairt chun cúnaimh a thabhairt do chomhlachtaí poiblí chun a n-oibleagáidí faoin Acht a chomhlíonadh agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis na tiomantais ina Scéimeanna Teanga faoi seach a sheachadadh'.

Ar na 'tacaíthe' úd áirítear na rudaí seo a leanas:

- Córas um Dhearbhú Cáilíochta d'Aistritheoirí;
- Bunachar sonraí logainmneacha ar líne [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie);
- Forbairt Acmhainne Cuimhne Aistriúcháin Ghaeilge;
- Gluais chomharthaí agus théarmaí eile ag Foras na Gaeilge ar [www.gaeilge.ie](http://www.gaeilge.ie);
- Bunachair sonraí théarmaíocht an AE agus téarmaíocht dlí as Gaeilge;
- *Freagra*, líne chabhrach don earnáil phoiblí ([freagra@acmhainn.ie](mailto:freagra@acmhainn.ie)).

Dúirt an tAire (agus aoibh an dóchais air, gan dabht) go raibh sé 'ag tnúth le níos mó dréachtscéimeanna a fháil ó chomhlachtaí poiblí eile le ceadú le linn na tréimhse atá le teacht'. Is baolach gur treise an soláthar ná an t-éileamh má dhéantar beart dá réir, ach bíodh súil againn ar a laghad le Gaeilge bhinn bhlasta.

Is léir gur ar an nGaeilge san AE agus sa státseirbhís atá treise á cur, agus roinnt áiseanna fóna á gcur ar fáil (molaimid [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie), mar shampla, cé go bhfuil roinnt ábhair le cur leis fós) .

Tá Scéim Ghaeilge na Roinne 2009-2012 ar fáil ar [www.pobail.ie](http://www.pobail.ie).



## Dearmad

Leathanach 3 d'eagrán 30/6/09 (Uimhir 115): ba cheart *roinnt toicithe* a dhéanamh de *roinnt toicí*. Scubaidí soibéalta is ea na toicí céanna: bíonn toice ag na toicithe, agus ní bhíonn ag na toicí ach teanga.

## **Deireadh éachta**

*An end to Sáirséal agus Dill, the most illustrious of modern Irish-language publishers.*

Bhí clú riamh ar na foilsitheoirí Sáirséal agus Dill. Iadsan a chuir amach *Dúil* Liam Uí Fhlaithearta, *Scothscéalta* Phádraic Uí Chonaire, *Bullaí Mháirtain* na beirte úd de mhuintir Uí Chéileachair, Síle agus Donncha, *Cré na Cille* Mháirtín Uí Chadhain agus filíocht Sheáin Uí Ríordáin agus Mháire Mhac an tSaoi.

Seán Sáirséal Ó hÉigearthaigh agus a bhean, Bríd Ní Mhaoileoin, a bhunaigh Sáirséal agus Dill sa mbliain 1945 d'fhonn litríocht na Gaeilge a chur chun cinn agus scríbhneoirí na Gaeilge a choinneáil i mbun a gceirde. Sa bhliain 1981 thit an comhlacht ar bheirt eile, Aingeal agus Caoimhín Ó Marcaigh, rud a rinne Sáirséal • Ó Marcaigh den ghnó. Tá a leabhar deireanach foilsithe acu siúd - *Aghaidheanna Fídl agus Púicíní* (Muiris Mac Conghail).

Beagnach 200 leabhar a tháinig ón gcomhlacht. Anois is le Cló Iar-Chonnachta an gnó: tá stoc leabhar le díol acu (ar shladmhargadh, más fíor), agus cuirfear athchló ar na clasaicí a foilsíodh cheana.



## **Cáipéisí**

*Necessity or principle: the translation of state documents.*

Tá drochstaid na Gaeilge sna scoileanna agus polasaí aistriúcháin an Rialtais ag teacht salach ar a chéile fós. De réir dlí, caithfear ranna stáit cuid cáipéisí tromchúiseacha a aistriú go Gaeilge, ach tá a laghad sin aistritheoirí ar fostú ag na ranna féin nach mór an obair a chur á déanamh amuigh – rud nár lig lucht amhrais agus scigireachta tharstu. Tá costas ag gabháil leis an obair: chaith an Roinn Oideachas €324,000 ar cháipéisí a aistriú, cé nach Gaeilge amháin a bhí i gceist, agus chaith an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh €186,000. Chaitheamar súil ar fhoilseacháin Ghaeilge na roinne úd le teann caidéise, agus is féidir linn a rá nach bhfuil siad ródhona. Níl a fhios againn an cúis suaimhnis é nó a mhalairt an €15,000 a chaith an dream is cróga, an Roinn Cosanta, ón mbliain 2007 i leith.

D'fhéadfá a rá go bhfuil polasaí aistriúcháin an Rialtais dírithe ar na léitheoirí atá le teacht (i gceann fiche bliain, más fíor don Aire). Níl siad ann faoi láthair ach amháin i measc mionlaigh, cé go bhfuil an mionlach sin ag méadú.

Cúrsaí prionsabail is cúis leis an bpolasaí, tar éis an tsaoil, agus tá toradh eile air nach ndéantar mórán tráchta air: cuireann sé obair ar fáil do ghnólaicthe beaga a bhaineann feidhm as Gaeilge. Ní cosúil go raibh an tAire ag cuimhneamh ar an mbuntáiste áirithe seo agus é ag cur an pholasaí i bhfeidhm, ach is iomaí Gaeilgeoir a bheadh ina bhun dó.



## **Cúirteanna gan Ghaeilge**

*The High Court in Belfast says there is no place for Irish in Northern Irish courts.*

Ar 9/7/09 dhíbh an Ard-Chúirt i mBéal Feirste achomharc a rinne Caoimhín Mac Giolla Catháin ó Bhéal Feirste Thiar, agus é ag iarraidh a bhreithniú breithiúnach ar Acht Riartha an Cheartais (Teanga) Éire, 1737 (*Administration of Justice (Language) Act 1737*) Chuaigh sé chun dlí nuair a diúltaíodh d'iarratas i nGaeilge ar cheadúnas díolta óil le haghaidh ceolchoirme i gCultúrlann McAdam Ó Fiach i gceantar Gaeilge Bhéal Feirste. Deir an tAcht gur trí Bhéarla a chaithfear cúrsaí dlí a phlé 'in courts of justice within this kingdom'.

I Mí Dheireadh Fómhair 2008 a éisteadh an cás. D'áitigh Mac Giolla Catháin nach raibh an dlí ag cur le Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine agus leis an gCairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh.

Bhain an Ard-Chúirt feidhm as tuairimí beirt staraithe ar an gceist. Dúirt an Dr Éamon Phoenix gurbh fhéidir a rá gurbh é cuspóir an Ahta leatrom a dhéanamh ar theanga fhormhór an phobail mar a bhí sí ag an am, agus go raibh sé ag teacht leis na péindlíthe ó thaobh an chultúir de. Os a choinne sin, dúirt an Dr McBride ó Choláiste an Rí, Londain, nach raibh aon fhianaise ann go raibh sé de chuspóir ag an Acht leatrom a dhéanamh ar Chaitlicigh nó an Ghaeilge a lagú. Dúirt an Giúistís Treacy nár mhian leis breith a thabhairt ar chruinneas na dtuairimí seo; caitheadh an t-achomharc amach ar chúinsí dlí amháin.

Dúirt Sinéad Muller, urlabhra na heagraíochta Pobal, gur thaispeáin an bhreithiúnas an phráinn a bhí le hAcht Gaeilge i dTuaisceart Éireann. Dúirt sí go raibh ceart ag Breatnaiseoirí chun a dteanga a úsáid sna cúirteanna ón mbliain 1942 i leith, agus go mbíonn Gàidhlig le cloisteáil gach lá i gcúirteanna éigin in Albain. 'Is í an Ghaeilge an t-aon teanga amháin sa tuaisceart a thagann faoi thionchar an choisc seo. Déantar freastal ar theangacha mionlaigh eitneacha ar bhonn laethúil i gcúirteanna Thuaisceart na hÉireann, rud is ceart agus is cóir.'



### **Teanga dheacair**

*The number of Irish students exempted from studying Irish continues to grow.*

Tá méadú ag teacht ar an líon daltaí a thograíonn gan Gaeilge a fhoghlaim – 30,000 acu anuraidh sna meánscoileanna. 'Deacracht' na teanga a bhíonn ag cur as dóibh, cé go mbíonn a leath nó os a chionn sásta teanga eile a fhoghlaim.

Is féidir an Ghaeilge a mhaitheamh do dhaltaí ar roinnt cúinsí – go minic de bharr míchumas foghlama nó toisc gur eachtrannaigh atá i gceist. Tá timpeall 350,000 daltaí sna meánscoileanna, agus maitheadh an Ghaeilge do 29,130 acu sa bhliain 2008/9 (le hais 20,073 sa bhliain 2005/6). Dúradh go raibh deacrachtaí foghlama ag 11,984 acu; b'eachtrannaigh iad 12,536 de na daltaí agus gan Béarla ar bith acu nuair a chláraigh siad. San Ardteist i mbliana rinne 84% de na daltaí Gaeilge, cé gur beag duine acu arbh fhéidir líofacht a chur ina leith.

Is furasta an teanga a sheachaint ach an tuairisc cheart a fháil ón duine ceart. Tá an Roinn le hathbhreithniú a dhéanamh ar na critéir lena ndéanamh níos déine, agus b'fhéidir nach gceadófaí do dhaltaí teanga eile a dhéanamh agus díolúine á lorg acu de bharr deacrachtaí labhartha, éisteachta nó léitheoireachta. Ach ní fhuasclóidh sin an bhunfhadhb: dímheas a bheith ag daltaí ar an teanga mar ábhar tur neamhbheo nach mbaineann lena shaol féin.



### **Gaeltachtaí uirbeacha**

*The Irish Government is aiming for the development of urban Gaeltachts.*

Níl eagla ar an Aire Éamon Ó Cuív roimh na cuspóirí móra: is gearr ó dúirt sé go raibh Rialtas na hÉireann ag smaoineamh ar Ghaeltachtaí Uirbeacha a chruthú, agus súil aige go méadódh líon na gcainteoirí Gaeilge faoi thrí san fhiche bliain atá le teacht.<sup>1</sup> Táthar chun ionaid chultúrtha Ghaeilge a bhunú i gcathracha agus i mbailte ar fud na tíre, agus Cumann Lúthchleas Gael mar eiseamláir acu.

---

<sup>1</sup> Féach píosa le Katherine Donnelly ar an *Irish Independent*, 14 Iúil 2009.

Plean 2028 a thugtar ar an scéim seo, agus tá súil ann go bhfoilseofar í i Mí Mheán Fómhair na bliana seo. Tá sin maith go leor, ach tá an t-airgead fós le fáil. Deir 85,000 duine gur cainteoirí líofa iad a labhraíonn an teanga gach lá; is dócha gur sna bailte móra agus sna cathracha atá a bhformhór mór, agus is léir go gcaithfidh an Ghaeilge a bheith beo sna háiteanna sin má tá rath ar bith le bheith i ndán di. Deir 1.6 milliún duine go bhfuil an teanga ar a dtoil acu, figiúir nacg furasta a chreidiúint. Is áil leis an Rialtas líon na gcainteoirí laethúla a ardú go 250,000 agus dhá mhilliún a dhéanamh den mhilliún eile úd.

Is minic ráite é gurb iad na heagraíochtaí deonacha is mó a chuir an Ghaeilge chun cinn lenár linn, ach is dóigh leis na polaiteoirí go bhfuil an Stát in ann a chion a dhéanamh le hairgead agus le pleananna, cé gur beag misneach a chuirfeadh stair na seaniarrachtaí ionat. Mura féidir leis an gnáthscoileanna na daltaí a chur ag foghlaim na teanga le fonn (agus tá ag teip ar fhorhmór na scoileanna é sin a dhéanamh leis na blianta fada) rachaidh mian an Rialtais amú. Ba mhór an cúnamh breis múinteoirí dátheangacha a sholáthar agus an Ghaeilge a mhúineadh mar theanga bheo, ach ní sháródh sin an neamhshuim atá ag an oiread sin Béarlóirí i dteangacha eile.

Tá flúirse eagraíochtaí ann, agus fonn orthu dul i gcomhar le chéile, cé gur mhaith leis an Aire aon eagraíocht amháin a dhéanamh díobh. Más é CLG an sampla atá aige, is mó an éagsúlacht atá ag roinnt le riachtanais na Gaeilge ná le cúrsaí spóirt, cé gur féidir an iomarca ladar a chur sa mhias chéanna. Déanann an chuid is fearr acu a gcion féin den obair; tá sé le feiceáil an dtiocfaidh rath ar iarrachtaí stáit.

Maidir leis na Gaeltachtaí uirbeacha, tá bunús a leithéide le fáil (mar is eol don saol) i mBéal Feirste Thiar, agus ní de bharr an Stáit a tháinig sin ar an bhfód. Beidh a leithéid le fáil i mBaile Átha Cliath luath nó mall, cé gur mór idir Gaeilge na cathrach atá anois ann agus Gaeilge na cathrach a bhí. (Blas thuaisceart Mhaigh Eo a bhí ar an tseanchanúint, is dócha). Arís, ní as broinn an Stáit a fháiscfear an Ghaeltacht úd. Maidir leis na hionaid Ghaeilge, bhí trácht ar a leithéidí cheana sna hochtóidí agus níor tháinig toradh ar an scéal. Cibé rud a dhéanfar, caithfidh sí teacht le toil an bphobail.



### **Sornóga**

*The Irish Countrywomen's Association (ICA), the EU, an Irish NGO and an Eritrean inventor have combined to produce fuel-efficient stoves for Ethiopia.*

San Eiritré caitheann mná agus páistí cuid mhaith den lá ag bailiú breosla. Chuaigh an ICA agus fionnachtaí Eiritréach, an Dr Debesai Ghebrehiwet, i gcomhar le chéile chun sornóg éifeachtach a sholáthar. Tá an ICA ag cuidiú le hairgead a bhailiú, agus anois, le cúnamh na heagraíochta neamhrialtais Éireannaí VITA, tá na sornóga á gcur isteach i dtithe bochta. Faigheann VITA cuid dá maoiniú ón AE.

Deir príomhfheidhmeannach VITA, John Weakliam, gur féidir le hÉireannaigh leath a dtáirgthe bhliantúil charbónaigh a chúiteamh ar chostas €40, agus go bhfuil an-rath ar an tionscadal.

Tairbhe na sornóg:

- Úsáideann siad 60% níos lú breosla.
- Cuireann siad srian leis an dífhoraioisiú.
- Bíonn na tithe níos glana agus níos sláintiúla.
- Dá laghad am a chaitear ag bailiú adhmaid is ea is mó an fhaill atá ag mná le staidéar nó saothar eile a dhéanamh.
- Na mná féin a dhéanann na sornóga, agus múineann siad an cheird do dhaoine eile.



## An Bhruiséil

Is í an Bhruiséil príomhchathair na Beilge, tír nach bhfuil a fhios aici an bhfuil sí aontaithe nó deighilte; d'fhéadfá a rá gurb í an Bhruiséil an comhréiteach, agus is í croí neamhoifigiúil an Aontais Eorpaigh í freisin. (Is é Strasburg, cathair Fhrancach, fíorphríomhchathair an AE, ach sa Bhruiséil dhéantar bunáite na hoibre.) Tagann ainm na cathrach ó na focail sean-Ollainnise *bruoc* (riasc) agus *sella* (teach sa riasc), agus áit uisciúil is ea an Bhruiséil ó nádúr. Sníonn abhainn na Seine (*Zenne/Senne*) ó thuaidh tríd an mBruiséil, agus sceitheadh sí thar bruach nó gur clúdaíodh í sa 19ú haois. Anois ritheann sí léi faoi thost agus faoi thalamh, agus siúlann an saol os a cionn. Toisc go bhfuil an Bhruiséil cois farraige bíonn aer ón Aigéan Atlantach ag bogadh na haeráide, bogadh a thagann freisin ó na riasca atá in aice na cathrach. Tríd is tríd, bíonn timpeall 200 lá báistí gach bliain ag an mBruiséil.

I lár na cathrach tá an Peintigeán (*le Pentagone*), ceantair eile ina thimpeall agus ceantair eile fós lastall díobh - oifigí, seantithe arda, bruachbhailte *Art Nouveau*, agus roinnt sean-nathanna Bruiséalacha - seacláidí, beoir, bocairí agus diúilicíní (atá le fáil le sceallóga mar *moules frites*). Níl aon chathair is glaise ná an Bhruiséil: gairdíní istigh, faichí agus crainn amuigh. Scriosadh cuid mhaith den chathair sa bhliain 1695, nuair a tháinig saighdiúirí Louis XIV na Fraince lena gcuid gunnaí móra. Chuir an tine bailchríoch ar an scrios úd, agus b'éigean lár na cathrach a atógáil, rud a d'fhág dealramh fiornua ar an mBruiséil. Rinne an Luftwaffe scrios eile sna 1940í, ach ar éigean atá a lorg le feiceáil anois.

Réigiún ann is ea an Bhruiséil, agus tá dhá réigiún eile ann; pobal oifigiúil Francise agus pobal Pléimeanaise. Is iad an Fraincis agus an Phléimeanaise (leagan deisceartach den Ollainnis) na teangacha oifigiúla, agus formhór na seirbhísí poiblí ar fáil tríothu, ach Franciseoirí is ea 85% ar a laghad de phobal na Bruiséile.

Sa bhliain 1991 dúirt 63% de phobal réigiún na Bruiséile gur shaoránaigh Bheilgeacha iad a rugadh sa tír. Ach tá tarraingt daoine ar an gcathair ó dheireadh an 18ú haois - teifigh pholaitiúla, oibrithe, mic léinn - agus is iomaí Bruiséalach a bhfuil sinsir eachtrannacha aige, gan trácht ar a bhfuil de dhaoine ann nach fada ina saoránaigh iad. Mheall an Coimisiún Eorpach mórán, agus tá an Bhruiséil ilteangach: Araibis, Tuircis, Spáinnis, Iodáilis, Polainnis, Beirbis, Béarla. Ón bhFrainc agus ó Mharacó a thagann an chuid is mó de na hinimircigh. Tá bunchanúint na cathrach - canúint de Bhrabantais (Pléimeanaise an réigiún) - á labhairt fós ag roinnt Bruiséalach, agus í breac le focail Francise. Bhí an Fhraincis in ann teacht chun tosaigh de bharr an easpa measa a bhí ar an bPléimeanaise tráth.

Ní nach ionadh, is an-chasta amach iad institiúidí poiblí na Bruiséile: dhá theanga, dhá phobal, agus a rian sin ar ghnóthaí riaracháin. Maolaítear an chastacht toisc líon beag polaitheoirí a bheith ag feidhmiú ar mhórán slite - mar theachtaí, mar chomhairleoirí, mar bhaill de choimisiúin. Fágann cóimheá na dtangacha a rian ar gach rud. Naoi dteachta is ochtó atá i bParlaimint Réigiúnach na Bruiséile: Franciseoirí is ea dhá dhuine is seachtó acu agus lucht labhartha Pléimeanaise seacht nduine dhéag acu, ó tá bun teanga leis na páirtithe. Bíonn Fraincis ag an Aire-Uachtarán, Fraincis ag beirt Airí agus Pléimeanaise ag beirt eile, Fraincis ag beirt rúnaithe stáit agus Pléimeanaise ag rúnaí amháin eile.

### An Coimisiún Eorpach

Is é an Coimisiún Eorpach feidhmeannas an Aontais Eorpaigh agus sprid na Bruiséile. Eisean atá freagrach as reachtaíocht a thionscnamh agus gnó an AE a reachtáil, é ag feidhmiú ar mhaithe leis an AE ina iomláine. Tá seacht gcoimisinéir is fiche ann (duine as gach Ballstát) agus a réimse freagrachta féin ag gach duine. Tháinig an tAontas Eorpach féin sa bhliain 1993 agus é ag eascairt as Comhphobal na hEorpa, eagraíocht a raibh baint ag Éirinn léi. Bhí foireann aistritheoirí sa Bhruiséil i dtús na seachtóidí ag ullmhú leagan Gaeilge de na conarthaí a bhain leis an gComhphobal, agus d'fhág duine acu, Seán Ó Lúing, cuntas againn nach ndéanfaí mórán athraithe air inniu:

Bhíodh an chomharsanacht beo breac le státseirbhísigh, na carranna sráide pulcailte leo maidin agus tráthnóna, na bialanna lán go doras leo am lóin, srutháin agus cuainte daonna

agus má tá aon ghnó ag déanamh go maith as Comhphobal na hEorpa is iad na muilte páipéir é.<sup>2</sup>

### **Blúirí Staire**

Sa bhliain 580 nó mar sin thóg Naomh Gaugericus séipéal ar oileán sa tSein. Timpeall na bliana 979 d'aistrigh Diúc Séarlas Lotairingia Íochtaráí (iarchuid d'impireacht Shéarlais Mhóir ba ea Lotairingia) roinnt iarsmaí a bhain le Naomh Gudula go dtí an t-oileán, agus deirtear gur ansin a bunaíodh an Bhruiséil i ndáiríre.

Bhí an chathair suite ar bhealach mór trádála idir Bruges, Ghent agus Köln, agus d'fhás sí go rábach dá bharr; faoin am a raibh 30,000 duine ann bhí na riasca á dtriomú chun ligean don Bhruiséil borradh, agus sa 11ú haois tógadh na chéad mhúrtha. Bhí an chathair ag fás i gcónaí, agus tógadh múrtha nua idir na blianta 1356 agus 1383. Bhí an Bhruiséil án rialú ag Diúc Bhrabant, agus sa 15ú haois rinneadh príomhchathair phrionsúil na hÍsiltíre di. Ba rathúil an áit í do cheannaithe agus do cheardaithe.

Sa bhliain 1516 gairmeadh Rí na Spáinne de Shéarlas V in Ardeaglais Naomh Gudula sa Bhruiséil, cé nach raibh sé ach 6 bliana d'aois ag an am. Sa bhliain 1519 rinneadh Impire Naofa Rómhánach de, agus thug sé suas an choróin sa bhliain 1555 i bPálás Chúdanburg, seanphálás na nDiúc. (Rinneadh luaith de sa bhliain 1731 agus níor atógadh é.) Ba é mac agus oidhre an Impire Pilib II na Spáinne, an Rí ar briseadh cuid dá longa móra ina dhiaidh sin ar charraigeacha na hÉireann thiar .

Ag Comhdháil Vín sa bhliain 1815, tar éis dhíomua Napoléon, d'áitigh an Bhreatain ar a comhghuaillithe aon stát amháin a dhéanamh de chúigí deisceartacha agus tuaisceartacha na hÍsiltíre mar chosaint ar an bhFrainc. Tháinig Rí coimeádach, Uilleam I na hÍsiltíre, i gcoróin, ach bhí an Deisceart míshásta, agus a chúis sin acu, dar leo. Ba mhó daonra an Deiscirt ná daonra an Tuaiscirt, ach ní raibh a ndóthain teachtaí acu sa Pharlaimint dá réir; bhí cúrsaí oideachais faoi smacht an Stáit ar fad; bhí formhór na bhforas sa Tuaisceart; is beag deisceartach a bhí ina oifigeach sna fórsaí, cé gur ón Deisceart a tháinig formhór na saighdiúirí; bhí an Ollainnis á cur chun cinn, rud nár thaitin le Frainciseoirí ná le lucht labhartha Pléimeanaise féin; theastaigh saoirse iriseoireachta agus cead cruinnithe ó intleachtóirí an Deiscirt; b'áil le coimeádaigh an Deiscirt an Caitliceachas a chur faoi réim arís; bhí earraí an Deiscirt á sarú ag earraí na Breataine. Agus níorbh é sin deireadh an liodáin.

Chuaigh liobráláigh agus Caitlicigh an Deiscirt d'aontaobh, ach d'éirigh an rialtas níos mursanta. Sa bhliain 1830 d'éirigh pobal na Bruiséile amach (deirtear gur ceoldráma gríosaithe de chuid Daniel-Francois-Esprit Auber ba chionsiocair leis), agus ar 21 Iúil 1831 tháinig Leopold I, Rí nua na mBeilgeach, i réim le toil na náisiúnaithe. Leagadh na seanmhúrtha, tógadh tithe nua, agus idir na blianta 1867 agus 1871 clúdaíodh abhainn na Seine toisc í a bheith chomh díobhálach sin. D'fhág sin slí mhór ar fáil chun foirgnimh agus búlbhaid a thógáil – tús an Bhruiséile mar atá sí anois.

### **An Ghaeilge**

Deirear go bhfuil timpeall 15,000 Éireannach sa Bheilg, agus sa Bhruiséil a gheofa an chuid is mó de na Gaeilgeoirí, iad ina n-aistritheoirí, ina dteangairí nó fiú ina ndaltaí scoile. Tá obair an aistriúcháin scaipthe trí na forais - Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin sa Choimisiún, Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin sa Pharlaimint, agus eile. Chomh maith leis sin, tá *Centre de traduction* ann a fhreastlaíonn ar fhorais nach bhfuil a gcuid aistritheoirí féin acu.

Tá na Gaeil ag brath ar Aonad na Gaeilge, Ard-Stiúrthóireacht Aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh. Is féidir le Gaeilgeoirí cur isteach ar thréimhse oiliúna (a dtugtar *stage* uirthi) agus seal a chaitheamh in Aonad na Gaeilge. Obair í a oireann do mhic léinn Ghaeilge agus do mhic léinn dlí, nó do Ghaeilgeoirí incháilithe ar bith. Tá breis eolais le fáil ar an nGaeilge san AE ag:

---

<sup>2</sup> Ó Lúing, Seán, *In Ardchathair na hEorpa*, Sáirséal agus Dill, BÁC, 1976, lch 75.

[http://ec.europa.eu/ireland/press\\_office/altanna\\_nuachta\\_as\\_gaeilge/cursai\\_teanga/index\\_en.htm](http://ec.europa.eu/ireland/press_office/altanna_nuachta_as_gaeilge/cursai_teanga/index_en.htm)

Tá a n-eagraíocht féin ag Gaeilgeoirí na Bruiséile anois: Pobal Gaeilge ([pobal.gaeilge@gmail.com](mailto:pobal.gaeilge@gmail.com)). Tá a nuachtán féin acu freisin, agus an chéad eagrán (a tháinig amach anuraidh) le fáil mar shampla anseo:

[http://ec.europa.eu/ireland/press\\_office/altanna\\_nuachta\\_as\\_gaeilge/anam\\_beo.pdf](http://ec.europa.eu/ireland/press_office/altanna_nuachta_as_gaeilge/anam_beo.pdf)

Féach:

[http://ga.wikipedia.org/wiki/An\\_Bhruis%C3%A9il](http://ga.wikipedia.org/wiki/An_Bhruis%C3%A9il) – Gaeilge (tá leagan den alt seo le fáil ann)

<http://fr.wikipedia.org/wiki/bruxelles> - Francis

<http://en.wikipedia.org/wiki/brussels> - Béarla

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) nó chun [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) or to [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).*